

Tidy Towns Competition 2012

Adjudication Report

Centre: **Gort a'Choirce** Ref: **860**
County: **Donegal** Mark: **243**
Category: **A** Date(s): **19/06/2012**

	Maximum Mark	Mark Awarded 2011	Mark Awarded 2012
Overall Development Approach	50	34	34
The Built Environment	50	35	35
Landscaping	50	30	30
Wildlife and Natural Amenities	50	15	16
Litter Control	50	35	34
Tidiness	30	19	18
Waste Minimisation	20	8	8
Residential Areas	40	27	28
Roads, Streets and Back Areas	50	32	33
General Impression	10	7	7
TOTAL MARK	400	242	243

Overall Development Approach:

I dtosach báire ba mhaith liom fáilte a chur roimh Gort a'Choirce chuig comórtas na bliana 2012. Is iontach an rud é a fheiscint cé chomh gníomhach atá an pobal áitiúil sa ghnó seo agus iad ag déanamh a ndícheall le snas agus cuma bhreá a chur ar an dtimpeallacht atá thart orthu. Tá sé soiléir anois go bhfuil rath ar bhur gcuid saothair mar tá dea-thóradh le feiscint insna tionscnaimh éagsúla. Rud eile, tá creidiúint ag dul do'n phobal go bhfuil an oiread sin daoine sásta feidhmiú ar an gcoiste atá agaibh.

The Built Environment:

Tá sé soiléir d'aon duine a thugann cuairt oraibh ag Gort a'Choirce go bhfuil muintir na h-áite bródúil as. Molaim sibh as an dea chuma atá curtha agaibh ar an áit.

Ar lá ár gcuirte bhí cuma bhreá ar Óstán Loch Altan cé gur thugamar faoi ndeara conas mar atá an litir N sa'n ainm taréis sleamhnú anuas beagán. Chonaic muid gabhlaín binne ag neadú sa díon-nach deas an radharc iad lá samhraidh.

Mholamar na scoileanna as chomh glan agus bhí siad. Is féidir an méid céanna a rá maidir le Teach an Cheoil agus Teach an Phobail.

Bhí cuma néata ar an siopa ag Centra agus ag ionad Breosla Maxol, agus arís ag ionad bia Moonlight. Chuir muid suim sa phlaic stairiúil atá crochta ar Halla an Pharóiste agus ins an dealbh de'n spealadóir. Maith sibh.

Landscaping:

Ní bheadh muid ag súil le mórán de'n tírdhreachú fhoirmeálta ar chósta an Atlantaigh. Sin mar is fearr é agus

sin mar atá sé. Tá sibh sách stuama maidir leis an ghnó seo. Baineann sibh leas mar ba chóir as na gáirdíní timpeall ar na tithe príomháideacha chomh fada agus a bhaineann sé le roghnú plandaí. Amuigh insna suíomhanna poiblí tá cóir mhaith ar phlandaí. Molaim sibh as an aire a thugann sibh do na cúramáí seo.

Wildlife and Natural Amenities:

Is mó saibhreas nádúrtha atá agaibh ar leic an dorais agus tá sé le tuiscint go bhfuil an-chur amach agaibh ar chursaí fhiadhúlra. Chonaic muid réimse leathan bláthanna ar ár gcúairt agus d'aithníomar alán de'na héin a bhí ag cantain go ceolmhar ós ár gcionn. B'fhiú dhíbh díriú níos doimhne ar an ábhar áirithe seo agus tá neart comhairle le fáil ó dhreamana mar Cháirde Éanlaithe Éireann agus An Comhairle Oidhreacht. Go n-éirí go geal libh sa bhfiontar sin.

Litter Control:

Ar lá na cuairte bhí fiór-bheagán brúscair le feiscint thart ar an áit. Tá árd mholadh ag dul do'n choiste atá chomh gníomhach sin i mbun glantóireachta as chomh h-éifeachtach agus atá siad ag feidhmiú. Is soiléir go bhfuil rath ar a saothar. Rud eile dhe, is breá mar atá an ghlúin óg á mhealadh isteach agaibh sa ghnó seo. Beidh muid go luath ag súil go dtiocfaidh siad níos faide chun tosaigh agus go nglacfaidh siad le dualgaisí breise. Mol an óige agus tiocfaidh sí.

Tidiness:

Tá sé soiléir go bhfuil áird dírithe ag an choiste ar íomhá Gort a' Choirce do'n phobal i gcoitinne a bhíonn ag dul thar bráid. Is mór mar athrú chun feabhais atá le feiscint anois le hais an bhóthair i mórán áiteanna timpeall.

Sé an trua é ach bhí bruscar ag cur thar moill agus ag sceitheadh amach as an láthair ath-chursála. Is gá é sin a cheansú.

D'Fheádfaí feabhas a chur ar oifig an phoist freisin, go h-áirithe ar an fhuinneog tosaigh.

Is cinnte go bhfuil an brat glas tuilte ag an scoil náisiúnta. Molaim iad as an riocht neata atá ar an bhfoirgneamh agus ar an gclós.

Waste Minimisation:

Tá sibh molta againn maidir leis an slacht atá curtha agaibh ar an áit go léir atá timpeall oraibh. Is é atá i gceist sa chatagóir seo ná céim eile a thabhairt chun tosaigh. Tá sé mar aidhm an chéad leibhéal eile a shroisint agus é sin a bhaint amach trí sheachaint brúscair a ghinniúint ar ag gcéad dul síos. Leis an sprioc sin a aimsiú moltar seifteanna cosúil le laghdú ar úsáid páipéir i bpacáistí. B'fhiú freisin smaoineamh níos doimhne ar bhealaí cosúil leis na múiríní. Tá comhairle le fáil ar an ábhar seo ó'n gComhairle Contae.

Residential Areas:

Cheapamar go raibh na tithe curtha i láthair go paiteanta i ngach áit beagnach. Tá feabhas tagtha ar Ardán Mhuire. Bhí cuma néata ar Ghleann an Átha. Cuireadh síneadh deas néata le Teach Bhilly and mholamar teach Mhic an Iomaire atá ar ard-chaighdeán.

Roads, Streets and Back Areas:

Tríd is tríd tá dea chuma curtha agaibh ar na bóithre ag Gort a' Choirce.

Mholamar an droichead álainn atá agaibh do choisithe.

Chuamar sa tóir ar thobar na bhfaithní ach níor tháinig muid ar an bhealach isteach chuige. Tá creidiúint ag dul do gháirdín ildathach ag an scoil bheag mar atá freisin ag an bplandáil thar an bhfalla cloiche, rud deas neamhghnáthach.

General Impression:

Bhíomar ana shásta le gach a chonaiceamar ar ár gcúairt. Is féidir linn a thuiscint anois cé chomh maith agus atá an comhoibriú eadraibh fhéin agus an pobail áitúil ina bhfuil sibh lonnaithe. Is breá freisin mar atá an ghluain óg á spreagadh chun cabhairthe agaibh. Tá muid cinnte go mbeid sibh ag dul ó neart go neart. Guímíd gach rath ar bhur saothar.

